



An
Bord
Pleanála

Clár Oibre le haghaidh Éisteacht ó Bhéal

25.CD.3042

Date	24 Eanáir 2018
Start Time	10.00rn
Location	Óstán Phrionsa na Breataine Bige, Baile Átha Luain, An Iarmhí.

Tá an Éisteacht ó Bhéal seo bhainteach le hiarratas ó Comhairle Chontae na hIarmhí le haghaidh cead ón mBord Pleanála chun láithreán ag Bóthar na Mainistreach, Co. na hIarmhí a thógáil go héigeantach de réir forálacha san Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, arna leasú.

Is é is cuspóir na héisteachta ó bhéal deis a thabhairt do rannpháirtithe tuilleadh aighneachtaí a dhéanamh seachas a gcuid aighneachtaí scríofa, más mian leo, agus ligean don chigire soiléiriú a fháil ar shaincheist ábhartha ar bith a thagann chun cinn agus ar agóidí a dhéantar. Beidh deis ag rannpháirtithe freisin ceisteanna a chur nó soiléiriú a fháil ar aighneachtaí a dhéantar ag an éisteacht de rogha an Chigire.

Níl oibleagáid ar rannpháirtí ar bith aighneacht a dhéanamh ag an éisteacht ó bhéal nó ceisteanna a chur ar na rannpháirtithe eile. Measfaidh an Cigire agus an Bord na haighneachtaí scríofa ar fad a fuarthas cheana féin. Mar gheall air sin, níor chóir aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn roimhe seo a athdhearbhú ag an éisteacht ó bhéal.

Ina aighneacht don éisteacht, iarrtar ar an Údarás Áitiúil aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna áirithe seo a leanas:

- Achoimre ar an réadmhaoín agus a staid.

- Cur síos ar ord na n-imeachtaí agus amlínte, aon phlé / chruinniú leis na húinéirí a chuir le hiarratas a chur chuig an mBord.
- An fáth gur chuireadh an láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe.
- Fáth na Tógála Éigeantaí atá beartaithe.
- Freagra ar shaincheisteanna a ardaíodh sna hagóidí.

Cuirtear i gcuimhne don údarás áitiúil agus do na hagóideoirí nach bhfuil ról agus dlínse an Bhoird i mbreithniúchán a dhéanamh ar an gcás seo ann ach le chinntiú má chloíonn an láithreán le cur síos láithreáin tréigthe mar a luaitear i gcuid 3 san Acht um Láithreáin Thréigthe 1990, arna leasú. Is fiú é a chinntiú ar an mbonn sin más fiú an tógáil ag an údarás áitiúil chun láithreán neamhthréigthe a dhéanamh as an láithreán agus í a chosc le leanúint ar aghaidh mar láithreán tréigthe. Ba chóir go dtuigfidh aon aighneacht a chuirtear isteach é sin mar ní féidir aon phlé a dhéanamh ar saincheisteanna nach ionann le dlínse an Bhoird. Cuirtear i gcuimhne duit go hairithe nach bhfuil ról nó dlínse ag an mBord i gcinneadh nó measúnú a dhéanamh ar dheiseanna úinéireachta, ar áitíocht láithreáin nó ar chúiteamh má thugann an Bord cead d'iarratas an údaráis. Ba chóir go dtuigfidh aon aighneacht a chuirtear isteach é sin mar ní féidir aon phlé a dhéanamh ar saincheisteanna maidir leis sin.

Ag deireadh na héisteachta ó bhéal, ullmhóidh an Cigire tuairisc agus moladh ar an gcás don Bhoird. Déanfaidh an Bord cinneadh maidir le cead a thabhairt nó a dhiúltú don iarratas ar thógáil éigeantaigh an láithreáin.

Is féidir leis an mBord íocaíocht a ordú d'aon duine atá i láthair ag an éisteacht i gcomhair costas a d'íoc an duine sin mar gheall ar a láithreach ag an éisteacht. Beidh aon íocaíocht faoi rogha an Bhoird. Ba chóir iarratas scríofa a chur chuig an mBord ar lorg costas faoi cheann trí sheachtain ó dáta na héisteachta seo.

Má tá tú ag iarraidh cóipeanna scríofa d'iarratais a chur isteach, glactar leo ach amháin má tá cóipeanna ar fáil do gach páirtí ag an éisteacht. Ba chóir duit dhá chóip d'aon cáipéis scríofa a thabhairt isteach do chomhad an Bhoird chomh maith. Faightear clár oibre agus ord láithris na héisteachta ó bhéal thíos. Is fiú é a thabhairt faoi deara gur clár táscach amháin é seo, agus is féidir le hathrú teacht air le linn na héisteachta faoi rogha an Chigire.

CLÁR OIBRE

	24 Eanáir 2018
Am	Topaic
10 r.n.	Oscailt na héisteachta ó bhéal. Ráitis tosaigh an Chigire.
	<p>Aighneacht ó Chomhairle Chontae na hIarmhí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Achoimre ar an réadmhaoin agus a staid. • Cur síos ar ord na n-imeachtaí agus amlínte, aon phlé / chruinniú leis na húinéirí a chuir le hiarratas a chur chuig an mBord. • An fáth gur chuireadh an láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe. • Fáth na Tógála Éigeantaí atá beartaithe. • Freagra ar shaincheisteanna a ardaíodh sna hagóidí.
	Ceisteanna don Chomhairle ó na hAgóideoirí agus ceisteanna don Chomhairle ón gCigire (más gá).
	Aighneacht an Agóideora.
	Ceisteanna do na hagóideoirí ón gComhairle agus ceisteanna do na hagóideoirí ón gCigire (más gá).
	<p>Ráitis deiridh san ord seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Agóideoirí. • Comhairle Chontae na hIarmhí. <p>(Ní féidir saincheisteanna nua a ardú agus ní féidir leis na haighneachtaí deiridh a bheith níos faide ná 10 nóiméad).</p>
1.i.n.	Deireadh na héisteachta ó bhéal. Ráitis deiridh an Chigire.

Is féidir sos a thógáil le linn na n-imeachtaí más gá.